



**Folúntas do phost mar Oifigeach Oibríochtaí (Gníomhaire ar Conradh, FG IV) san Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn (EASO)**

**TAG.: EASO/2018/CA/007**

**Foilseachán**

**Seachtrach**

**Teideal na feidhme**

**Oifigeach Oibríochtaí**

**1. CÉ SINN**

Déanann an Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn (dá ngairtear “EASO” anseo feasta), a bunaíodh le Rialachán 439/2010<sup>1</sup>, comhar praiticiúil Bhallstát an Aontais Eorpaigh (AE) maidir le tearmann a neartú, cuireann sí le cur chun feidhme an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn (CET), agus tacaíonn sí le Ballstáit a bhfuil a gcórais tearmainn agus glactha faoi bhrú ar leith.

Go sonrach, díríonn EASO ar thrí phríomhchúram:

1. Tacú le comhar praiticiúil i measc na mBallstát maidir le tearmann, go príomha trí oiliúint, gníomhaíochtaí ar ardchaighdeán, faisnéis faoi thír thionscnaimh (COI), staitistic agus anailís, sainlíonraí speisialaithe, ceardlanna maidir le comhar praiticiúil, tacaíocht théamach maidir le mionaíochtaí gan tionlacan, gáinneáil ar dhaoine agus inscne;
2. Tacú le Ballstáit atá faoi bhrú ar leith trí thacaíocht éigeandála, lena n-áirítear foirne tacaíochta do chúrsaí tearmainn a imscaradh chun cabhrú le Ballstáit AE bainistiú a dhéanamh ar iarratais ar thearmann agus saoráidí cuí glactha a chur i bhfeidhm;
3. Rannchuidiú le cur chun feidhme CET trí fhaisnéis faoi dhea-chleachtais a bhailiú agus a mhalartú, tuarascáil bhliantúil a chur le chéile ar an staid tearmainn san AE ina gcumhdaítear an nós imeachta iomlán maidir le tearmann i mBallstáit AE, agus doiciméid theicniúla a ghlacadh ar chur chun feidhme acquis nua AE maidir le tearmann.

Is féidir cairt eagrúcháin EASO a fháil i gClár Oibre EASO ar láithreán gréasáin EASO ([www.easo.europa.eu](http://www.easo.europa.eu)).

Tá ceanncheathrú EASO lonnaithe i gCuan Vaileite (Málta).

<sup>1</sup> Rialachán (AE) Uimh. 439/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 (IO L 132, 25.5.2010, Ich. 11).

## 2. AN TAIRISCINT

Beidh an Oifigeach Oibríochtaí ag obair in Earnáil laistigh den Aonad Oibríochtaí (an Ghréig, an Iodáil nó an Ghé Sheachtrach) nó laistigh den Aonad Pleanála agus Meastóireachta laistigh den Roinn Oibríochtaí agus beidh sé/sí freagrach as an tascanna a leanas:

1. Tacaíocht d'Earnálacha an Aonaid um Oibríochtaí i gcomhréir le beartais EASO agus tacú le / comhairle a chur ar Cheann an Aonaid ina leith, lena n-áirítear an clár agus an buiséad bliantúil agus ilbhliantúil san Earnáil a phleanáil agus a chur i ngníomh;
2. Tacaíocht do chur chun feidhme ghníomhaíochtaí forbartha acmhainne agus oibríochtaí EASO, de réir mar is infheidhme i mBallstáit agus i dTríú Tíortha den Ghné Sheachtrach (an Tuirc, na Balcáin Thiar agus an Meánoirthear agus an Afraic Thuaidh), lena n-áirítear maidir le cur i bhfeidhm gníomhaíochtaí, saincheistanna airgeadais agus buiséadacha, tuairisciú, faireachán agus meastóireacht etc.;
3. Tuairisciú do Cheann na hEarnála maidir le straitéis chuimsitheach a chur chun feidhme do EASO san Earnáil;
4. Tacú le cur chun feidhme na bPleananna uile san Earnáil<sup>2</sup> lena n-áirítear an comhordú agus an comhar ábhartha le Ballstáit / tríú tíortha agus le páirtithe leasmhara agus gníomhaithe eile atá páirteach sna Pleananna Oibríochtúla réamhluaite;
5. A chinntiú go soláthraítear ar bhealach tráthúil réamhghníomhach na haschuir inmhianaithe ón Aonad agus ó ghníomhaíochtaí tacaíochta oibríochtúla na nEarnálacha / gníomhaíochtaí forbartha acmhainne sna (Ballstáit / sa ghné sheachtrach);
6. Á áirithiú go bhfeidhmíonn oifigí saothair allamuigh san Earnáil go rianúil agus go ndéantar na hoifigí sin a bhainistiú;
7. Maoirseacht a dhéanamh ar obair na foirne sannta lena n-áirítear comhaltaí foirne na n-oifigí saothair allamuigh agus aon chomhalta foirne eile atá sannta san Earnáil de réir mar is gá;
8. Cur le cláir oibre Earnála EASO a chur chun feidhme agus tacaíocht a thabhairt dá réir ar an dóigh a n-úsáidtear an buiséad leithdháilte Earnála, lena n-áirítear an cur chun feidhme uile a bhaineann le conarthaí agus le soláthar;
9. Tuairisciú ar ghníomhaíochtaí Pleanála agus oibríochtaí agus tacú le Ceann na hEarnála chun ábhar a ullmhú do na Ballstáit agus ionchur do dhoiciméid eile beartais maidir le saincheistanna a bhaineann le tionscadail/cláir shannta laistigh den Earnáil;
10. Tacú le faireachán agus meastóireacht éifeachtach ar oibríochtaí na hEarnála trí bhithin dlúthchomhordú agus dlúthchomhar leis an Aonad Pleanála & Meastóireachta;
11. Comhoibriú/comhordú le hAonaid/Earnálacha/Oifigí de chuid EASO ar shaincheistanna laistigh d'inniúlacht an tsealbhóra oifige ar mhaithe le feidhmiú éifeachtach na hEarnála;

<sup>2</sup> Áirítear ar na pleananna gach plean atá deartha, forbartha, curtha chun feidhme agus athbhreithnithe laistigh den Earnáil lena n-áirítear Pleananna Oibríochtúla, Treochláir, pleananna deontais-shonracha etc.

12. Caidreamh a dhéanamh le hInstitiúidí, Gníomhaireachtaí agus Comhlachtaí AE, Eagraíochtaí Idirnáisiúnta, údaráis na mBallstát agus eagraíochtaí neamhrialtasacha atá ábhartha don Earnáil faoi threoir Cheann na hEarnála;
13. Aon chúraimí réasúnta eile a iarrfaidh Ceann an Aonaid a chomhlíonadh.

### **3. A BHFUIL Á LORG AGAINN**

#### **A) Critéir incháilitheachta**

Má chomhlíontar na critéir incháilitheachta atá leagtha amach i gcuid A) *Critéir incháilitheachta*, déanfar measúnú ar iarratais na n-iarrthóirí ar bhonn na gcritéar roghnúcháin thíos. Tabharfar cuireadh do na hiarrthóirí is oiriúnaí chun freastal ar agallamh.

1. Leibhéal oideachais arb ionann é agus 3 bliana ar a laghad de staidéar ollscoile críochnaithe atá fianaithe le diplóma<sup>3</sup> agus taitheí ghairmiúil chuí 1 bhliana ar a laghad a bheith gnóthaithe acu tar éis dóibh an diplóma ollscoile sin a bhaint amach;
2. A bheith ina náisiúnach de cheann de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, de Lichtinstéin, den Iorua nó den Eilvéis;
3. A bheith i dteideal a gceart iomlán mar shaoránaigh;
4. Aon oibleagáidí a fhorchuirtear orthu faoi na dlíthe a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta acu;
5. Eolas críochnúil ar cheann amháin de theangacha oifigiúla an AE agus eolas sásúil ar cheann eile de na teangacha sin a mhéid is gá chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh;
6. Ní mór go mbeadh na riachtanais charachtair maidir leis na dualgais atá i gceist á gcomhlíonadh<sup>4</sup>;
7. A bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh<sup>5</sup>.

#### **B) Critéir roghnúcháin**

Má chomhlíonann siad na critéir incháilitheachta atá leagtha amach i gcuid A) *Critéir incháilitheachta*, déanfar measúnú ar iarrthóirí ar bhonn na gcritéar roghnúcháin seo a leanas. Tabharfar cuireadh chun freastal ar agallamh do na hiarrthóirí is oiriúnaí ar bhonn na gcritéar roghnúcháin.

---

<sup>3</sup> Ní ghlacfar ach le diplómaí arna n-eisiúint ag údaráis na mBallstát AE agus le diplómaí arna n-aithint mar dhiplómaí coibhéseacha ag comhlachtaí ábhartha na mBallstát AE. Má rinneadh an príomhstaidéar lasmuigh den Aontas Eorpach, ní mór cáilíocht an iarrthóra a bheith aitheanta ag comhlacht ar tharmlig ceann amháin de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh (amhail Aireacht Oideachais náisiúnta) go hoifigiúil é agus ní mór doiciméad lena bhfianaítear an méid sin a chur isteach i gcás ina bhfaigheann tú cuireadh chun agallaimh. Cuirfidh sé sin ar chumas an bhoird roghnúcháin leibhéal na gcáilíochtaí a mheasúnú go cruinn.

<sup>4</sup> Sula gceapfar é/i, iarrfar ar an iarrthóir rathúil sliocht as a c(h)omhad ciontuíthe a chur ar fáil.

<sup>5</sup> Sula gceapfar é/í, ní mór don iarrthóir rathúil dul faoi scrúdú leighis a dhéanfaidh duine d'oifigigh leighis na n-institiúidí chun EASO a shásamh go gcomhlíonann sé/sí riachtanas Airteagal 28(e) de Rialacháin Foirne Oifigigh na gComhphobal Eorpach.

### **Riachtanach**

1. Taithí chruthaithe i bhforbairt, dearadh, cur chun feidhme agus faireachán ar oibríochtaí machaire i gcomhthéacs náisiúnta nó idirnáisiúnta;
2. Taithí i réimse na cosanta idirnáisiúnta agus/nó na himirce;
3. Taithí chruthaithe ar bhuiséid oibríochtúla, foirne agus acmhainní eile a chur chun feidhme agus a bhainistiú;
4. Taithí chruthaithe i ndrúachtú doiciméad straitéiseach lena n-áirítear ionchur a sholáthar do thuarascálacha, cuir i láthair etc.

### **Buntáisteach**

1. Taithí ghairmiúil ar phróisis institiúideacha chinnteoireachta, lena n-áirítear i réimse na himirce agus an tearmainn;
2. Taithí ghairmiúil ar luacháil ar mhear-riachtanais, cur chun feidhme mearfhreagartha/clársceidealaithe éigeandála agus tuairisciú lena mbaineann agus comhlíonadh;
3. Taithí ar a bheith ag obair i dtimpeallacht bhainistithe géarchéime;
4. Taithí ghairmiúil ar chur chun feidhme laistigh de shaolré bainistithe tionscadail agus ar phróisis faireacháin agus meastóireachta;
5. Taithí ar chur chun feidhme clár forbartha acmhainní agus cúnamh teicniúil go háirithe i dTríú Tíortha.

### **Measúnú le linn an phróisis agallaimh**

Déanfar measúnú ar iarrthóirí a dtabharfar cuireadh dóibh páirt a ghlacadh sa phróiseas agallaimh (agallamh agus triail scríofa) ar bhonn na gcritéar a leanas atá riachtanach don phost:

1. An cumas oibriú faoi bhrú agus spriocdhátaí a chomhlíonadh le haghaidh cúraimí éagsúla;
2. Sárinniúlachtaí anailíseacha agus sárscileanna réitigh fadhbanna;
3. Dea-scileanna cumarsáide agus scileanna idirphearsanta dea-fhorbartha;
4. Dearcadh láidir dírithe ar sheirbhís agus solúbthacht;
5. An cumas smaointe cruthaitheacha a fhorbairt, cuspóirí a leagan amach, baill foirne a ghríosú agus a spreagadh agus aiseolas cuiditheach a thabhairt;
6. Eolas ar mhisean agus eagrú EASO.

Tá sé riachtanach go mbeidh sárthuiscint ag an iarrthóir ar Bhéarla scríofa agus labhartha agus an cumas chun trealamh leictreonach oifige agus feidhmchláir leictreonacha oifige a úsáid (próiseáil focal,

scarbhileoga, cur i láthair, cumarsáid leictreonach, an tIdirlíon, etc.). Déanfar measúnú ar iarrthóirí ar an méid thuas ar bhonn triail scríofa freisin.

#### 4. ROGHNÚ AGUS CEAPADH

Ba i mí na Bealtaine 2010 a glacadh an Rialachán lena bhforáiltear an bunús dlí le haghaidh EASO (Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 132 an 29.5.2010).

Déanfaidh Coiste Roghnúcháin measúnú ar incháilitheacht na n-iarratasóirí de réir chomhlíonadh na gcritéir incháilitheachta go léir faoin dáta deiridh le hiarratais a chur isteach.

Is bunaithe ar na critéir roghnúcháin a dhéanfar measúnú ar iarratais na n-iarrthóirí incháilithe freisin. Tar éis an mheasúnaithe sin, d'fhéadfaí cuireadh a thabhairt do na hiarrthóirí is airde rangú freastal ar thriail inniúlachta scríofa agus ar agallamh, rud a chuirfear ar siúl trí Bhéarla den chuid is mó.

Beidh na comhphárteanna seo a leanas i gceist leis an agallamh:

- Cineálacha ginearálta cumais inniúlachta agus teanga a mhéid is gá chun a c(h)uid dualgas a chomhlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 12.2(e) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh (CEOS);
- Inniúlachtaí sonracha maidir le próifíl na n-iarratasóirí i gcomhréir leis na critéir roghnúcháin don Fhógra Folúntais seo.

Beidh ar iarrthóirí a mbeidh cuireadh faighte acu freastal ar agallamh doiciméid bhunaidh agus cóipeanna de na doiciméid liostaithe thíos a thabhairt leo:

- Doiciméad lena gcruthaítear a s(h)aoránacht (e.g. pas);
- Teastais lena bhfianaítear a c(h)áilíochtaí oideachais agus gairmiúla, go háirithe iad sin lena dtugtar rochtain ar an bpróifíl i gceist;
- Fianaise dhoiciméadach ar a dtaithe ghairmiúil tar éis an dáta ar a bhfuair an t-iarrthóir an cháilíocht lena dtugtar rochtain ar an bpróifíl i gceist, lena gcuirtear in iúl go soiléir na dátaí tosaithe agus críochnaithe, cé acu a bhí an taithe lánaimseartha nó páirtaimseartha, agus cineál na ndualgas a cuireadh i gcrích.

Cuirfidh an Coiste Roghnúcháin gearrliosta d'iarrthóirí rathúla faoi bhráid an Údaráis Cheapacháin, a dhéanfaidh cinneadh ar cheapadh an iarrthóra rathúil agus ar liosta ionadaithe a bhunú don phost fógartha. Tabharfaidh iarrthóirí dá n-aire nach gcinnteofar earcaíocht trína n-áireamh ar an liosta ionadaithe. Beidh earcaíocht bunaithe ar an bhfáil ar phoist agus ar bhuiséad.

Beidh an liosta ionadaithe don phost seo bailí go dtí an 31 Nollaig 2019 agus féadfar é a shíneadh faoi rogha an Údaráis Cheapacháin.

Sula síneofar an Conradh, iarrfar ar an iarrthóir rathúil dul faoi scrúdú éigeantach leighis a dhéanfaidh duine d'oifigigh leighis na n-institiúidí chun EASO a shásamh go gcomhlíonann sé/sí ceanglas Airteagal 28(e) de Rialachán Foirne Oifigigh na gComhphobal Eorpach.

## 5. COMHDHEISEANNA

Cuireann EASO beartas comhdheiseanna i bhfeidhm agus glacann sé le hiarratais gan aon idirdhealú atá bunaithe ar aon fhoras amhail inscne, cine, dath, bunadh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún, tuairimí polaitiúla nó aon tuairimí eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó claonadh gnéasach.

## 6. COINNÍOLLACHA FOSTAÍOCHTA

An Stiúrthóir Feidhmiúcháin a cheapfaidh an Gníomhaire ar Conradh ar mholadh ón gCoiste Roghnóireachta tar éis an nós imeachta roghnúcháin.

Earcófar é/í mar Ghníomhaire ar Conradh de bhun Airteagal 3a de CEOS go ceann tréimhse 3 bliana, ar tréimhse í a fhéadfar a athnuachan. Cuirfear an post mar Ghníomhaire ar Conradh i gceist i ngrúpa FG IV.

Rachaidh iarrthóirí rathúla a earcófar faoi thréimhse phromhaidh thosaigh a mhairfidh naoi mí.

Cuimsíonn an pá do **Ghníomhaire ar Conradh, FG IV (grád 13, céim 1)** buntuarastal de **3,462.02 €** arna ualú ag an gcomhéifeacht cheartúcháin (maidir le háit na fostaíochta atá i gceist, is ionann í agus 90.2% i gcás Mhálta faoi láthair). Tá liúntais éagsúla, liúntais easaoránachta agus liúntais teaghlaigh san áireamh, ag gabháil leis an mbuntuarastal sin. Tá tuarastal ball foirne faoi réir cáin de chuid an Aontais Eorpaigh, a asbhaintear ag an bhfoinse. Tá baill foirne díolmhaithe ó cháin náisiúnta a íoc ar thuarastal agus is baill iad de scéimeanna slándála sóisialta agus pinsean an Aontais Eorpaigh.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi dhálaí oibre Gníomhairí ar Conradh, féach an CEOS:

<http://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=CONSLEG:1962R0031:20140101:EN:PDF>

Is iad seo a leanas na háiteanna ionchasacha fostaíochta:

**Cuan Valletta (Malta);**

**An Róimh (an Iodáil) agus láthair/láithreacha laistigh den Iodáil;**

**An Aithin (an Ghréig) agus in ilsuímh laistigh den Ghréig, lena n-áirítear Thessaloniki agus na 'hOileáin Theophointe' (Lesbos, Cíos, Leros, Kos agus Samas);**

**Le rogha chun suíomhanna a bheith suite i dTríú Tíortha má mheastar é sin a bheith iomchuí (e.g. d'fhonn cur chun feidhme an tionscadail agus ar leas na seirbhíse).**

Nó

Dualgas lonnaithe i Málta agus go n-éilítear ar dhuine misin ghearrthéarmacha agus fhadtéarmacha a dhéanamh ar bhonn imlonnaithe, lena n-áirítear chuig Tríú tíortha ag díriú ar thíortha na mBalcán Thiar, an Tuirc agus an Afraic Thuaidh, chun tacú le céimeanna éagsúla de shaolré an bhainistithe tionscadail ag brath ar riachtanais in aon cheann de na hEarnálacha nó na suíomhanna thuas ar bhonn solúbtha.

## 7. NÓS IMEACHTA IARRATAIS

Chun iarratas bailí a dhéanamh, ní mór d'iarrthóirí:

- An fhoirm iarratais oifigiúil atá curtha ar fáil ar láithreán gréasáin EASO a úsáid agus a chomhlánú mar is ceart. Gach cuid den iarratas a chomhlánú i mBéarla, agus ní mór gach cuid de a chomhlánú go hiomlán.
- A n-iarratas a sheoladh trí ríomhphost chuig: [Applications@easo.europa.eu](mailto:Applications@easo.europa.eu) faoin spriocdháta.
- Ba cheart tagairt an fholúntais seo, agus sloinne an iarrthóra ina dhiaidh, a chur in iúl i líne ábhair an ríomhphoist.

Dícháileofar iarratais neamhiomlána agus caithfear leo mar iarratais neamh-incháilithe. Dícháileofar freisin iarrthóirí a úsáideann an t-iarratas céanna chun iarratas a dhéanamh ar níos mó ná post amháin.

Tabhair do d'aire, le do thoil, go bhféadfadh go mairfeadh an próiseas roghnúcháin roinnt míonna.

Chun an próiseas roghnúcháin a éascú, is i mBéarla a bheidh an comhfhreagras ar fad a sheolfar chuig iarrthóirí maidir leis an bhfolúntas seo.

Níor cheart d'iarrthóirí dul i dteagmháil leis an gCoiste Roghnúcháin, go díreach ná go hindíreach, i gcás ar bith maidir leis an bpróiseas roghnúcháin seo. Forchoimeádan an tÚdarás Ceapacháin an ceart aige féin chun aon iarrthóir a thugann neamhaird ar an treoir seo a dhícháiliú.

### Dáta deiridh:

Is é an dáta deiridh chun na hiarratais a chur isteach ná **28 Eanáir 2019 ar 13:00** (am na Bruiséile). Ní thabharfaidh EASO aird ar iarratais ar bith a gheofar tar éis an dáta agus an ama sin.

Moltar go mór d'iarratasóirí **gan fanacht go dtí an lá deiridh** chun a n-iarratais a chur isteach, mar go bhféadfadh trácht trom idirlín nó fabht ar an nasc idirlín a bheith ina chúis le deacrachtaí nuair a bheifear ag cur iarratais isteach. Ní féidir an locht a chur ar EASO as moill ar bith de bharr na ndeacrachtaí sin.

**Más rud é go n-aimsítear ag céim ar bith den nós imeachta gur mícheart atá cuid ar bith den fhaisnéis a thug iarrthóir, dícháileofar an t-iarrthóir sin<sup>6</sup>.**

## 8. COSAINT SONRAÍ

Is é an cuspóir a bhaineann leis na sonraí a chuir an t-iarrthóir isteach a phróiseáil ná iarrata(i)s an iarrthóra a bhainistiú d'fhonn réamhroghnú agus earcú féideartha a dhéanamh ag EASO.

Ní chuireann EASO ainmneacha na n-iarrthóirí rathúla ar liostaí ionadaithe ar fáil go poiblí. D'fhéadfadh, áfach, chun críocha earcaíochta agus chun críocha gaolmhara pleanála, go mbeadh rochtain ag baili d'fhoireann bainistíochta EASO ar liostaí ionadaithe agus, i gcásanna sonracha, ar fhoirm iarratais iarrthóra (gan doiciméid tacaíochta a áireamh, ar doiciméid iad a choimeádan an rannóg pearsanra i

<sup>6</sup> Más ann do neamhréireachtaí idir na leaganacha sna teangacha éagsúla, glactar leis gurb é an leagan Béarla an leagan ceart

modh rúin). Coimeádtar comhaid iarratais iarrthóirí neamhearcaithe ar feadh dhá bhliain ó dháta éaga an liosta ionadaithe, agus scriostar iad tar éis na tréimhse sin.

Próiseálfar na sonraí pearsanta a iarrtar i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí agus ag comhlachtaí AE agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin.

## **9. NÓSANNA IMEACHTA ACHOMHAIRC**

De bhun Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigeach agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais, féadfaidh iarrthóir gearán a chur isteach i gcoinne gníomh a bhfuil dochar á dhéanamh aige dó/di. Ní mór an gearán a chur isteach chuig an seoladh seo a leanas laistigh de 3 mhí ón dáta ar tugadh fógra:

### **An Stiúrtóir Feidhmiúcháin**

**An Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn**  
**MTC Block A, Winemakers Wharf, Grand Harbour Valletta, MRS 1917**  
**Málta**

Sa chás go ndiúltaítear don ghearán, de bhun Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 91 de Rialacháin Foirne Oifigeach agus Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile, féadfaidh iarrthóir athbhreithniú breithiúnach ar an ngníomh a iarraidh. Ní mór an t-achomharc a chur isteach chuig an seoladh a leanas laistigh de 3 mhí ón dáta ar tugadh fógra:

### **An Binse um Sheirbhís Shibhialta an Aontais Eorpaigh**

**Boulevard Konrad Adenauer**  
**L-2925 Lucsamburg**  
**Lucsamburg**

Má chreideann tú go raibh drochriarachán i gceist, féadfaidh tú gearán a thaisceadh leis an Ombudsman Eorpach laistigh de dhá bhliain ón dáta ar tháinig tú chun fios a bheith agat i dtaobh na bhforas ar a bhfuil an gearán sin bunaithe (féach <http://www.ombudsman.europa.eu>), nó féadfaidh tú scríobh chuig:

### **An tOmbudsman Eorpach**

**1, Avenue du President Robert Schuman -BP 403**  
**F-67001 Strasbourg Cedex**  
**An Fhrainc**

Tabhair do d'aire, le do thoil, nach bhfuil d'éifeacht ag gearáin leis an Ombudsman Eorpach an tréimhse a luaitear in Airteagal 90 agus in Airteagal 91 de Rialacháin Foirne Oifigeach agus Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile le haghaidh gearáin a thaisceadh nó achomharc a chur isteach de bhun Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a fhionraí.